2025/204

31.1.2025

CINNEADH (CBES) 2025/204 ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Eanáir 2025

lena leasaítear Comhsheasamh 2001/931/CBES maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Nollaig 2001, ghlac an Chomhairle Comhsheasamh 2001/931/CBES ([1]).

(2) An 19 Feabhra 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/628 ([2]), lenar cuireadh isteach i gComhsheasamh 2001/931/CBES, ar feadh tréimhse thosaigh 12 mhí, díolúine dhaonnúil ó bhearta reo sócmhainní atá infheidhme maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a sholáthar, a phróiseáil nó a íoc, nó maidir leis na srianta ar an méid sin, nó maidir le hearraí agus seirbhísí a sholáthar do dhaoine, grúpaí agus eintitis ainmnithe ar mhaithe leis na gníomhaithe dá dtagraítear i Rún 2664 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí ar dheonaigh an tAontas an Deimhniú Comhpháirtíochta Daonnúla dóibh, nó atá deimhnithe nó aitheanta ag Ballstát an Aontais, nó ag gníomhaireachtaí speisialaithe Ballstáit. Ina theannta sin, tugadh isteach le Cinneadh (CBES) 2024/628 sásra maolúcháin do na heagraíochtaí agus gníomhaithe sin atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí daonnúla nach féidir leo leas a bhaint as an díolúine dhaonnúil sin, agus clásal athbhreithnúcháin a bhaineann leis na heisceachtaí sin.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 3a(5) de Chomhsheasamh 2001/931/CBES, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar na heisceachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3a(1) agus (2) den Chomhsheasamh sin agus chinn sí gur cheart iad a choinneáil agus a athbhreithniú gach 24 mhí ar a laghad nó ar iarraidh phráinneach ó Bhallstát, ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, nó ón gCoimisiún tar éis d'athrú ó bhonn teacht ar na himthosca. Ina theannta sin, chinn an Chomhairle gur cheart an díolúine a leagtar amach in Airteagal 3a(1) leanúint d'fheidhm a bheith aici go dtí an 22 Feabhra 2027.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Comhsheasamh 2001/931/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Airteagal 3a de Chomhsheasamh 2001/931/CBES mar a leanas:

(1) i mír (5), cuirtear an uimhir '24' in ionad na huimhreach '12';

(2) i mír (6), cuirtear an dáta '22 Feabhra 2025' in ionad an dáta 'an 22 Feabhra 2027'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Eanáir 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. SZŁAPKA

([1]) Comhsheasamh 2001/931/CBES ón gComhairle an 27 Nollaig 2001 maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac (IO L 344, 28.12.2001, lch. 93, ELI: http://data.europa.eu/eli/compos/2001/931/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2024/628 ón gComhairle an 19 Feabhra 2024 lena leasaítear Comhsheasamh 2001/931/CBES maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac (IO L, 2024/628, 20.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/628/oj).